



An Bhruiséal, 2 Nollaig 2022
(OR. en)

15145/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0021(COD)

CODEC 1820
COMPET 938
MI 859
IND 498
RECH 620
ENT 161
MAP 44
TELECOM 487

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a mhéid a bhaineann le cinntí ó eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú a bhaineann le caighdeáin Eorpacha agus táirgí Eorpacha caighdeánúcháin (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 3 Feabhra 2022, chuir an Coimisiún a thogra¹, atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, chuig an gComhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 18 Bealtaine 2022².
3. An 22 Samhain 2022, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis³.

¹ 5960/22.

² IO C 323, 26.8.2022, lch. 43.

³ 15016/22.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE- CONS 58/22 é, a fhorghreas mar mhír ‘A’ ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.
5. Má fhorghreasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glactar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.
